dúchas.ie

# Leo Corduff

# (1929 - 1992)



UCD DUBLIN

DCU Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Dublin City University

Le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta
Supported by National Lottery

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

FBÉ NFF

Cnuasach Bhéaloideas Éireann
National Folklore Collection

# Leo Corduff (1929-1992)

"D'oibríodh muid go minic feadh na hoíche. Dá n-aimseofá seanchaí nó amhránaí nó ceoltóir, bhíodh muid ina gcomhluadar go dtí go moch ar maidin. Chuir muid laethanta isteach gan mórán codlata ná gan scíth a ligint. Agus bhíodh go leor nithe ag titim amach – theipfeadh ar an gcarr a bhí againn go minic, mar shampla. Thiomáin mé an carr sin thar aibhneacha agus tríd an bhfarraige, agus in airde cnoc, a leithéid sin. Ach bhí sé pléisiúrtha. Bhí oiread sin scéalta á n-insint."

B'in mar a chuir Leo Corduff síos ar a shaol ag bailiú béaloidis ar son Choimisiún Béaloideasa Éireann, agus é ag labhairt le lucht éisteachta i gcartlann fuaime Roinn Bhéaloideas Éireann (a tháinig i gcomharba ar an gCoimisiún ó 1971 amach) sa bhliain 1988. Saolaíodh agus tógadh Leo i Ros Dumhach, Iorras, contae Mhaigh Eo, agus ceapadh é mar theicneoir cúnta sa bhliain 1950. Ba é an chéad chúram a bhí aige ná lámhscríbhinní an Choimisiúin a mhionscannánú. Chaith a athair Mícheál agus a dheartháir Anraí tréimhsí mar bhailitheoirí páirtaimseartha ag an gCoimisiún roimhe sin, ag saothrú i gceantar Ros Dumhach agus dúthaigh Ghaeltachta eile in Iorras. Tá torthaí a gcuid oibre le léamh i measc lámhscríbhinní Chnuasach Bhéaloideas Éireann.

Bhí Leo bródúil as an obair a rinne a athair ar son an Choimisiúin, agus chuir sé féin go mór le corpas a athar, go háirithe i réimse taifeadta fuaime, modh oibre a bhí ag teacht chun cinn ag an am. Sa bhliain 1952 ghlac Leo le cúram an chórais taifeadta taistil, cúram a bhí idir lámha ag Caoimhín Ó Danachair le blianta beaga roimhe sin. Bhain saineolas teicniúil leis an ról seo, chomh maith le stuamacht agus é i mbun oibre i láithreacha dúshlánacha:

"When making those disc recordings you see, you had to have the machinery in the van, and then you had the microphone in the house. Then you had to have somebody else inside the house – the collector – and he had to communicate with you through the microphone, but you had no other communication with him. And he would say "we're ready to go now". So you'd set up your machine, put your disc down and then you'd start. And when you were ready to start, you'd beep the horn on the car to give him the signal to go. But then, the trouble might be with the man inside who was about to tell the story. He'd say "Oh, I want to light my pipe first you know? I'll have a smoke of the pipe." So you'd hear that over the earphones, and you had [to] stop the machine. And then all of a sudden he'd say, "Ah no, forget about the pipe, I'll start talking." And there you were,

and you hadn't the machine ready at all! So you had to give another beep on the horn, and so it went on."



Figiúr. 01: Gléas gearrtha dioscaí sa chóras taifeadta taistil, Cluain Eachlainn, Ciarraí (1947)

Le dúthracht agus le croíúlacht a sháraigh Leo na deacrachtaí a bhain le hobair pháirce, agus chuir sé go mór le cnuasach fuaime an Choimisiúin, atá i dtaisce anois i gCnuasach Bhéaloideas Éireann. Is é atá freagrach as thart ar 800 (d'iomlán 1,750) de na plátaí aiceatáite a thaifid an Coimisiún. Bhí sé i gcónaí mionchúiseach ina chuid oibre agus é i ngleic leis na dúshláin theicniúla a bhain le taifid fuaime ar ardchaighdeán a chruthú in áiteanna iargúlta gan aibhléis. Ba cheannródaí é i gcomhthéacs fhorbairt threalamh fuaime an Choimisiúin, ón seanghléas fuaime – an tEideafón – go plátaí aiceatáite, gléasanna taifeadta sreanga, agus ar aghaidh go dtí an téip spóil a tháinig chun cinn i lár na gcaogaidí. Bhí sé de shíor ag deisiú agus ag cur caoi ar threalamh fuaime an Choimisiúin, chomh maith le téipthaifeadáin na mbailitheoirí sa pháirc.

Thaistil sé ar fud na hÉireann leis an obair seo, uaireanta ar chuairteanna níos faide ama le diantaifeadadh a dhéanamh ar lucht seanchais agus ceoil, agus ar amhránaithe faoi leith ar nós

Róise Ní Ghrianna, Árainn Mhór, contae Dhún na nGall. Sa bhliain 1982 chaith sé féin agus Séamas Ó Catháin tréimhse ama i Meiriceá ag cur agallamh ar Éireannaigh a chuaigh ar imirce go luath san fhichiú aois, cuid daoibh a bhí suas le 90 bliain d'aois ag an am, iad lonnaithe i Holyoke agus áiteanna eile i Massachusetts. Chuaigh go leor acu ar imirce ó chontaetha Maigh Eo agus Ciarraí agus cainteoirí dúchasacha Gaeilge a bhí i gcuid acu. I measc an ábhair luachmhair a bhailigh Leo agus Séamas, tá scéalta beatha, ginealaigh, amhráin agus filíocht, eachtraí osnádúrtha, agus nósanna agus cleachtaisí a bhain le féilte agus an bás.



Figiúr. 02: John Cadigan faoi agallamh ag Leo Corduff, Holyoke, Massachusetts (1982)

"We recorded material there from Irish people – descendants of people who had come from Ireland, and it was amazing what material we got there. Because we were interested in learning as much as we possibly could about people who left Ireland for America, because the only people that ever returned to Ireland were the people who had made money. But we never heard anything at all about those people who did not succeed. So, we did get a lot of material there, and conditions were

really sad – poor – you could put it that way. But it was nice to hear some of the songs they had heard from their grandfathers, or their grandparents, and we recorded quite a lot of that. And we recorded lots of phrases in Irish – words and phrases that they had in Irish – that they themselves couldn't understand. We told them what they meant, and some of them should not be repeated, mind you!"

Anuas ar a chuid cúraimí mar theicneoir agus mar bhailitheoir, ghlac Leo thart ar 1,000 grianghraf agus é i mbun obair pháirce, bailiúchán claonchlónna atá i dtaisce anois i gCnuasach Bhéaloideas Éireann. Léiríonn na grianghraif ealaíonta seo saol an bhailitheora, chomh maith leis na daoine ar bhuail sé leo, agus tá croíúlacht Leo féin le sonrú sna híomhánna seo. Portráidí suaithinseacha cúramacha de dhaoine a bhfuil cruatan an tsaoil le brath iontu, grúpaí páistí ag gáire, lucht ceirde sáite ina gcuid oibre, bailte beaga agus sráideanna breac le daoine i mbun imeachtaí éagsúla, séadchomharthaí ársa, seantithe agus reiligí – spléacadh ar dhaoine atá i bhfad imithe agus ar áiteanna i lár an fichiú haois atá athraithe as cuimse ó shin.

Ceiliúrann an taispeántas seo digitiú agus foilsiú 350 grianghraf breise de chuid Leo Corduff ar dúchas.ie, comhartha beag aitheantais ar an obair luachmhar a rinne sé chun fianaise ar thraidisiúin agus ar chultúr na hÉireann a thabhairt slán.

<u>Breis eolais</u>

Almqvist, Bo, 'Leo Corduff, 1929-1992' in *Béaloideas* Vol. 60/61 (1992-93) lgh. 287-290

Briody Mícheál, 'The Irish Folklore Commission 1935-1970: History, ideology, methodology' (Helsinki, 2007), lgh.343-349.

Corduff, Leo, 'From Cylinder to Open Reel' (físeán V0132a, Cnuasach Bhéaloideas Éireann 1988).



Radharc ar an teach solais, Inis Oírr, Co. na Gaillimhe (1958) A001.01.00111



An Dr. R. Ó Cuinn, Róise Ní Ghrianna, Seán Ó hEochaidh, Antoine Ó hIadhra, Séimidhe Ó Grianna, Árainn Mhór, Co. Dhún na nGall (1953) [M004.29.00074]



Sinéad Bean Uí Gacháin (87), a chaith a saol ar Inis Gluaire, agus a chuaigh chun cónaí ar an gCros, Iorras, Co. Mhaigh Eo (1958) [M003.03.00713]




James Nolan (81), saor rothaí, Mun Talbóid, Co. Ros Comáin (1960) M003.04.00008



Cailíní ó theaghlaigh Duggan, McGinty agus MacNeela, Bréanascaill, Acaill, Co. Mhaigh Eo (1956) M003.03.00459



Ó chlé go deas: Mrs Duggan, Mrs Mary McGinty, Mrs Mary Duggan agus Mrs Brigid MacNeela, Bréanascaill, Acaill, Co. Mhaigh Eo (1956) M003.03.00457



Antoine Ó Luingseacháin (82), Ascaill, Bun an Churraigh, Acaill, Co. Mhaigh Eo (1956) M003.03.00440



Mrs Anne O’Malley (Anne Mc Greal), Dumha Goirt, Acaill, Co. Mhaigh Eo (1956) M003.03.00437



Michael Curran, seanchaí agus cainteoir Gaeilge, Rathún, cathair na Gaillimhe (gan dáta)
M003.01.00032




Páistí scoile, Inis Oírr, Co. na Gaillimhe (1957) M003.01.00023




'Cheap Jacks': ag díol éadaí ar an tsráid, An Fhaiche Mhór, Co. na Gaillimhe (1958) C050.01.00050



Ag tabhairt móin isteach go hInis Oírr ó bhád móna ón mórthír, Co. na Gaillimhe (1957)
C022.01.00031



An siúinéir Séan Ó Conaola ag téamh tarra le cur ar chraiceann curaigh, Inis Oírr, Co. na Gaillimhe (gan dáta) C021.01.00086



Capall agus cairt gar do Bhaile an Scotaigh, Co. Mhuineacháin (1965) C006.31.00001



Siúinéir ag déanamh rotha, Inis Oírr, Co. na Gaillimhe (1957) B082.01.00010



‘An Factory’: Ag cniotáil stocaí, Inis Oírr, Co. na Gaillimhe (1957) B066.01.00004



Ag iompar curaigh, Inis Oírr, Co. na Gaillimhe (1957) B006.01.00019




Ceárta in Áth Cinn, Co. na Gaillimhe (1965) B070.01.00008



Ag iascaireacht ón trá ar Inis Oírr, Co. na Gaillimhe (gan dáta) B005.01.00033



An chailleach (leaba cois tine) le feiceáil ar chúl an tí i dteach Thomas Gallagher, Cnoc na Móna, An Corrán, Co. Mhaigh Eo (1956) A026.03.00001



Mainistir Chorca Mrua, Co. an Chláir (1956) A062.19.00005



Teach ag Tóin re Gaoth, ar thaobh an bhóthair idir Mala Raithní agus Gob an Choire, Co. Mhaigh Eo (1956) [A015.03.00212]



An bailitheoir béaloidis Ciarán Bairéad i dteach J.B. Kearney, Turloughmore, Co. na Gaillimhe (1965) [A015.01.00052]




Radharc ar an tsráid in Inis Ceithleann, Co. Fhear Manach (1965) [A010.30.00006]



Tírdhreach thart ar Achadh Caorthainn, Co. Fhear Manach (1965) [A001.30.00010]



Teach ag Tamhnach Mór, Co. na Gaillimhe (gan dáta) A010.01.00068



Lonnaíocht tithe ar Inis Oírr, Co. na Gaillimhe (gan dáta) A010.01.00067